CEACHT 39

LEABHAIR NUA



Pictiúr: Radharc:

Páid agus Bríd ag teacht abhaile ón scoil; ansin iad ag taispeáint a gcuid leabhar do Mhamaí; Nóirín; leabhar Béarla, leabhar Gaeilge, píosaí airgid (Ceacht 37), caoga pingin, múinteoir, comhartha ceiste, leabhar a bhfuil pictiúir dheasa ann le cur i lámha Nóirín (a lámha salach); Mamaí ag cur clúdaigh ar leabhar le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tháinig na leanaí abhaile ón scoil. Bhí áthas mór orthu. Bhí leabhair nua acu.

Agallamh

BRÍD: Fuair mé mo leabhar Béarla inniu.
MAMAÍ: An bhfuair tusa do leabhar Gaeilge, a Pháid?
PÁID: Ní bhfuair. Caithfidh mé an t-airgead a thabhairt don mhúinteoir amárach.
MAMAÍ: Tabharfaidh mé caoga pingin duit chun é a cheannach.
NÓIRÍN: Is deas iad na pictiúir atá sa leabhar seo.
BRÍD: Fág ar an mbord é, a Nóirín. Níl do lámha glan go leor.
MAMAÍ: Caithfidh mé clúdach a chur air anocht.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cé a tháinig abhaile ón scoil?
Bhí brón orthu!
Cad a bhí acu?

Céard a fuair tusa, a "Bhríd"?
Ceist ar Pháid, a "Mhamaí".
Freagair í, a "Pháid".
Céard a deir tú faoin airgead?
Cá mhéad a thabharfaidh tú dó, a "Mhamaí"?
Céard a deir tusa faoi na pictiúir, a "Nóirín"?
Labhair léi, a "Bhríd".
Cén fáth a ndeir tú sin?
Céard a dhéanfaidh tusa leis an leabhar, a "Mhamaí"?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tháinig* na leanaí abhaile.
   (*anois, aréir, amárach;* níor, ar?: *aréir;* ní, an?: *amárach*).
2. Bhí leabhair nua *acu.*
   (*mise, tusa, eisean, ise, sinn, Seán, na páistí*).
3. *Fuair* mé mo leabhar Béarla.
   (*gach lá, amárach;* ní, an?: *inné;* ní, an?: *amárach*).
4. Trí gheáitsíocht agus trí mhím na páistí a mhealladh chun an múnla seo a chríochnú ar bhealaigh éagsúla:
   "Caithfidh *mé*
   (*tú, sé, sí, siad*) . . ."

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   Strac Nóirín an leabhar.
3. Cur síos ó pháistí ar na leabhair go léir atá acu:
   nó
   Dráma—páiste ag ceannach a chuid leabhar nua ón múinteoir.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Gnóthaí Ealaíne:
   Pictiúir, e.g. mise agus mo leabhar nua; na boinn airgid a bhí agam chun díol as an leabhar Gaeilge, as an leabhar Béarla, etc., clúdach (gréas deas ar pháipéar) don leabhar, etc.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tháinig na leanaí abhaile ón scoil
Fuair siad leabhair nua, nach iad a bhí go deas?
Bhí leabhar nua ag Bríd, is bhí leabhar nua ag Páid
Nach orthu a bhí an t-áthas ag teacht abhaile leo.

II

Leabhar Béarla ag Bríd, leabhar nua deas
Leabhar Gaeilge ag Páid, leabhar nua deas
Leabhar deas le pictiúir ag Nóirín bheag
Nach orthu a bhí an t-áthas, ag teacht abhaile leo?